**Músaeim Náisiúnta TÉ**

# Dréacht-Straitéis Chorparáideach 2025–30

**Músaem Uladh**
**Músaem Daonchultúir Uladh**
**Músaem Iompair Uladh**
**Daonpháirc Uladh- Mheiriceá**

Tá bailiúchán saibhir agus ilchineálach á chaomhnú ag Músaeim Náisiúnta Thuaisceart Éireann, bailiúchán a insíonn scéal na háite seo, scéal mhuintir na háite agus an áit atá againn sa domhan.

An ról atá againn ná oibriú leis an phobal chun scéalta faoi na nithe i ngach ceann dár músaeim a fhiosrú agus a roinnt chun cuidiú linn ar fad eolas agus tuiscint nua a fháil.

Tá cáil ar ár músaeim mar áiteanna a mbíonn an-tóir ag cuairteoirí orthu, do dhaoine atá ag iarraidh scíth a ligean lena dteaghlach nó lena gcairde, nó chun rud inteacht nua a fhoghlaim. Cuirtear fáilte roimh mhuintir na háite agus cuairteoirí araon. Ach tá tionchar níos mó ná sin ar ár gcuid oibre fosta. Díreoidh an Straitéis seo ar an difear a thig linn a dhéanamh chun cuidiú le tuiscint a fháil ar na dúshláin atá roimh shochaí an lae inniu agus le dul i ngleic leo, agus muid ag cruthú todhchaí níos fearr le chéile.

Cé go bhfuil cáil ar ár músaeim le fada an lá as oideachas agus fóillíocht a chur ar fáil, ní mór dúinn leanúint ar aghaidh ag cur mionathruithe ar ár gcur chuige, ionas go mbeidh muid ábalta tionchar a imirt agus a bheith ábhartha i ndomhan atá ag athrú go tapa.

Sa lá atá inniu ann, is mó ná spásanna chun nithe a chur ar taispeáint iad músaeim – tá ról lárnach acu maidir le dul i ngleic leis na ceisteanna is práinní dár linne.

**Thug Comhairle Idirnáisiúnta na Músaem (ICOM) sainmhíniú nua ar ról na músaem in 2022, agus dúirt siad gur “institiúidí buana iad músaeim a fhónann ar son an phobail”, go gcothaíonn siad éagsúlacht, inbhuanaitheacht agus uilechuimsitheacht, agus go gcuireann siad foghlaim, machnamh agus taitneamh ar fáil ag an am céanna. Is léiriú é an t-athrú sin go nglactar leis go dtig le músaeim a bheith ina n-údair chumhachtacha ar son an athraithe, go háirithe chun dul i ngleic leis na dúshláin atá roimh an tsochaí.**

Tá sé sin tábhachtach go háirithe i gcomhthéacs an ról atá ag Músaeim Náisiúnta TÉ mar Comhlacht ar Neamhthuilleamaí de chuid Roinn na bPobal. Ní hamháin gurb é ár misean é, ach tá freagracht orainn fosta a chinntiú go gcuireann ár músaeim luach mór ar fáil don phobal agus go rannchuidíonn siad go mór le príomh-straitéisí na roinne agus le pleananna agus beartais níos leithne an rialtais.

**Leanfaidh muid orainn ag déanamh sin trí ghealltanas a thabhairt go gcloífidh muid le trí phríomhphrionsabal a bheith mar bhonn taca dár gcur chuige straitéiseach agus a bheidh le brath in achan rud a dhéanfaidh muid.**

## A chinntiú go bhfuil na músaeim oiriúnach d'achan duine

Cé go gcuirtear fáilte roimh chách inár gcuid músaem, aithníonn muid go bhfuil bacainní ann fós do roinnt mhaith daoine – ó thaobh cúrsaí fisiciúla, cultúir nó meoin de.

Chun na bacainní sin a shárú, geallann muid comhionannas rochtana agus rannpháirtíochta a chur chun cinn, agus spásanna a chruthú ina léirítear éagsúlacht mhuintir Thuaisceart Éireann. **Ní sprioc amháin atá san uilechuimsitheacht, is cuid bhunúsach de na músaeim agus den mhéid a dhéanann muid í.**

Oibreoidh muid chun a chinntiú go gcloisfear guthanna éagsúla agus go léireofar dearcthaí iolracha inár dtaispeántais, inár gclárú agus inár n-oibríochtaí. Tá sé mar aidhm againn go mothóidh daoine ceangal leis na scéalta a fheiceann siad sna músaeim, ionas go mbraithfidh siad go bhfuil ár n-oidhreacht agus ár gcultúr ábhartha.

Trí dhul i gcomhar le pobail áitiúla agus le guthanna atá faoi ghannionadaíocht, leanfaidh muid orainn ag cruthú músaeim ar le achan duine iad.

## Ceangal a dhéanamh idir ár mbailiúcháin agus an pobal

Is mó ná taispeántais amháin iad ár mbailiúcháin. Is taisclanna iad a ndéantar forbairt leanúnach orthu agus a léiríonn taithí ar an saol, cultúir éagsúla agus stair chasta atá ábalta cuidiú linn plé le saol an lae inniu agus leis an tuiscint atá againn ar dhúshláin áitiúla agus dhomhanda – ó fhéiniúlacht agus coimhlint go dtí inbhuanaitheacht chomhshaoil.

**Chun é sin a bhaint amach caithfear aistriú chuig cleachtas rannpháirteach:** a bheith ag obair le pobail, taighdeoirí agus comhpháirtithe cruthaitheacha chun an bealach a bhailíonn muid, a léirmhíníonn muid agus a roinneann muid na scéalta sin a eagrú.

Seachas cuairt a thabhairt ar mhúsaeim agus sin amháin, ba cheart go mbeadh daoine mar chuid díobh – chun cuidiú le bonn taca a chur le taighde, taispeántais a chomhchruthú agus cur leis na hinsintí a chruthaíonn muid. Leis an chur chuige sin, cuirfear dearcthaí úra agus ábhartha ar fáil agus cinnteofar go rachaidh siad i bhfeidhm ar lucht féachana an lae inniu. Trí chomhoibriú idirnáisiúnta agus comhpháirtíochtaí áitiúla, méadóidh muid an tionchar atá againn trínár n-oidhreacht uathúil a nascadh le scéalaíocht domhanda.

## Seirbhísí músaem atá dírithe ar an todhchaí agus éifeachtach a chur ar fáil.

Cé go bhfuil srianta ar bhuiséid san earnáil phoiblí faoi láthair, geallann muid go gcuirfidh muid an luach poiblí is mó is féidir ar fáil trína chinntiú go bhfuil ár músaeim inbhuanaithe ó thaobh airgid de agus thar a bheith spriocdhírithe.

**Chun é sin a bhaint amach, caithfidh muid bealaí nuálacha a aimsiú go leanúnach chun seirbhísí a fheabhsú agus chun an éifeachtúlacht is fearr is féidir a bhaint amach leis na hacmhainní atá ar fáil dúinn.**

Lorgóidh muid infheistíocht riachtanach sna sócmhainní oidhreachta a bhainistíonn muid fosta, agus cinnteoidh muid go gcaomhnófar iad do na glúnta amach romhainn trí chothabháil choisctheach, caomhnú, forbairt agus cuir chuige oiriúnaitheacha chun freastal ar riachtanais ár lucht féachana a bhíonn ag éabhlóidiú an t-am ar fad.

Beidh comhoibriú ríthábhachtach i gcónaí. Trí chomhpháirtíochtaí nua a chruthú, beidh muid ábalta saineolas agus acmhainní a roinnt agus lucht féachana níos leithne a shroicheadh.

## Ár Misean

**An misean atá againn ná tionchar ár músaeim agus ár mbailiúchán a mhéadú, agus iad a úsáid chun comhrá a thosú, gníomh a spreagadh agus dul i ngleic leis na dúshláin is mó atá ann sa lá atá inniu ann.**

Go bunúsach, measann muid ní hamháin gur áiteanna iad ár músaeim ina gcaomhnaítear an stair, ach go spreagann siad athrú dearfach fosta. Creideann muid gurb é an bealach is fearr dóibh feidhmiú ná an t-eolas atá acu ar an am atá thart a úsáid chun ceisteanna a chur faoin am i láthair agus chun cuidiú le todhchaí níos fearr a chruthú.

I ndomhan atá fíor-chasta agus a athraíonn go tapa, tig lenár músaeim an daonnacht a roinneann muid agus na freagrachtaí atá orainn dá chéile agus don phláinéad a mheabhrú dúinn.

Seachas ról éighníomhach a bheith againn, tá muid ag iarraidh go leanfaidh ár músaeim de bheith ina bhfóraim bhríomhara le haghaidh plé agus smaointe nua, áiteanna ina spreagfar cuairteoirí le fiosrú a dhéanamh, ceisteanna a chur agus teacht ar thuiscint úr ar an domhan timpeall orthu.

Tá bonn láidir curtha ar fáil ag ár Straitéis Chorparáideach 2020-2025 don mhisean seo. Tá cláir nua forbartha againn a thugann aghaidh ar raon leathan de na saincheisteanna a bhaineann leis an tsochaí agus a mhéadaíonn deiseanna don rannpháirtíocht trí chomhpháirtíochtaí nua, breis oibre deonaí agus cláir oideachais athshamhlaithe.

Lenár Straitéis nua, tá muid ag iarraidh an tionchar sin a leathnú amach tuilleadh mar ghuth láidir ar son an athraithe agus an ghnímh dhearfaigh, agus comhrá a spreagann dul chun cinn.

**Déanfaidh muid an tionchar is mó i gceithre phríomhréimse atá i gcomhréir leis na misin i gClár an Rialtais.**

# Misean Chlár an Rialtais:

## DAOINE

**Tacaíonn ár gcuid oibre le:**

- Uilechuimsitheacht shóisialta
- Meabhairshláinte & folláine
- Comhtháthú pobail

**Díreoidh muid ár dtionchar ar: Féiniúlacht**

Tabharfaidh muid tacaíocht d'fhéiniúlachtaí éagsúla a bhíonn ag éabhlóidiú go seasta, agus cruthóidh muid spásanna ina mbeidh cultúir éagsúla le feiceáil agus ina léireofar meas orthu.

## SÍOCHÁIN

**Tacaíonn ár gcuid oibre le:**

- Dea-chaidreamh
- Comhtháthú pobail
- Comhionannas

**Díreoidh muid ár dtionchar ar: An tsíocháin a chothú**

Spreagfaidh muid comhráite misniúla a thacóidh leis an aistriú leanúnach ón choimhlint go dtí an tsíocháin inmharthana.

## AN PLÁINÉAD

**Tacaíonn ár gcuid oibre le:**

- Oideachas Comhshaoil

**Díreoidh muid ár dtionchar ar: An Comhshaol**

Bainfidh muid leas as ár músaeim agus as ár mbailiúcháin chun gníomhú ar son an chomhshaoil a spreagadh agus chun ár bpláinéad a chosaint.

## RATHÚNAS

**Tacaíonn ár gcuid oibre le:**

- Skeils oncum
- Employabeilitie
- Regional balance wi tourism

**Díreoidh muid ár dtionchar ar: Nuálaíocht**

Ardán foghlama a bheidh ionann chun scileanna, féinmhuinín agus cruthaitheacht a thabhairt do ghlúin nua nuálaithe agus fiontraithe.

## Féiniúlacht:

**Tabharfaidh muid tacaíocht d’fhéiniúlachtaí éagsúla a bhíonn ag éabhlóidiú go seasta, agus cruthóidh muid spásanna ina mbeidh cultúir éagsúla le feiceáil agus ina léireofar meas orthu.**

# An fáth go bhfuil tábhacht leis sin

Coincheap casta é coincheap na féiniúlachta. Tá ár sochaí ag éirí níos éagsúla an t-am ar fad, ach maireann muid in áit ina bhfuil tábhacht le traidisiún. Ba cheart go mothódh achan duine braistint láidir chómhuintearais laistigh den tsochaí éagsúil seo.

Tá féiniúlacht roinnt daoine fréamhaithe sna hinsintí cultúrtha agus stairiúla a chuirtear ar aghaidh ó ghlúin go glúin, agus tá daoine eile ann a chruthaíonn a bhféiniúlacht féin i saol atá níos domhandaithe agus atá ag síor-athrú.

Tugann tírdhreach polaitiúil Thuaisceart Éireann léiriú leanúnach ar an tábhacht a bhaineann le féiniúlacht. Le creataí mar Deacáid Nua, Cur Chuige Nua (2020) agus an tAcht Féiniúlachta agus Teanga (TÉ) 2022, cuirtear béim ar athmhuintearas, caoinfhulaingt agus meas.

**Ní bhaineann na hathruithe sin le teanga agus siombailí amháin, ach le sochaí uilechuimsitheach a chruthú fosta, ina mothóidh achan duine, gan beann ar a gcúlra ná ar a gcreideamh, go bhfuil meas orthu.**

# An dóigh a bhfuil tionchar á imirt againn

Agus Tuaisceart Éireann ag dul tríd an tréimhse athraithe seo, creideann muid go bhfuil ár músaeim níos tábhachtaí ná riamh.

**In áit ina bhfuil an fhéiniúlacht thar a bheith pearsanta agus suntasach ó thaobh na polaitíochta de, cruthaíonn músaeim ceangal idir an t-am atá thart agus an t-am i láthair, agus tugann siad sracfhéachaint ar thodhchaí chomhroinnte.**

**Trí thuiscint níos fearr ar nádúr casta agus éabhlóideach na féiniúlachta a chur ar fáil, tá muid ag úsáid ár spásanna agus ár mbailiúcháin chun deiseanna a chruthú do dhaoine chun machnamh agus plé a dhéanamh agus don rannpháirtíocht chruthaitheach.**

**Tá muid ag iarraidh rannchuidiú le todhchaí ina mbeidh meas ag daoine ar a chéile agus cuidiú le sochaí níos uilechuimsithí agus níos báúla a chruthú.**

# Ár dTionchar i nGníomh
## Startha Domhanda Uilechuimsitheacha

**Lenár gcur chuige i leith *Startha Domhanda Uilechuimsitheacha*, thosaigh muid ar dhóigh níos uilechuimsithí agus níos comhoibríche a fhorbairt chun tuiscint a fháil ar chultúir, go háitiúil agus go hidirnáisiúnta.**

Tá athscrúdú cúramach déanta againn ar bhailiúcháin ó thaobh an chomhionannais agus na héagsúlachta de, chun guth a thabhairt do phobail imeallaithe agus do startha atá faoi ghannionadaíocht.

Tá muid ag ceistiú na ngnáth-insintí agus tá aird á tarraingt againn ar scéalta impiriúlachais, imirce agus iarmhairtí an choilíneachais.

Tá aird tarraingthe againn ar thaithí daoine as cultúir agus as pobail éagsúla sa tsochaí chomhaimseartha.Moltar do chuairteoirí tuiscint a fháil ar na dúshláin a bhí rompu féin agus atá fós, agus ar an rannchuidiú dearfach atá muid ar fad ábalta a dhéanamh don tsochaí s’againne fosta.

# Teangacha Uladh

**Lenár gclár Teangacha Uladh, fiosraítear an éagsúlacht teanga agus déantar ceiliúradh ar ár dteangacha dúchasacha – an Ghaeilge, an Ultais agus Béarla na hÉireann.**

Tríd an ról atá ag an teanga san fhéiniúlacht, sa chultúr agus san oidhreacht a thaispeáint, léirigh an tionscnamh seo an dóigh a bhfuil ár músaeim – Músaem Daonchultúir Uladh ach go háirithe – ábalta aghaidh a thabhairt ar a leithéid d’ábhar ar dhóigh inrochtana agus spéisiúil, agus plé agus díospóireachtaí nua a spreagadh.

Trí chonairí léirmhínitheacha, ceardlanna agus imeachtaí speisialta, spreag muid comhráite faoin ról atá ag an teanga chun ár dtuiscint orainn féin agus ar ár bpobail a mhúnlú.

## An dóigh a mhéadóidh muid ár dtionchar
Díreoidh muid ar dheiseanna a chruthú chun taithí a roinnt agus chun bheith ag éisteacht lena chéile agus ag foghlaim óna chéile.

**Leanfaidh muid orainn ag fiosrú na gnéithe coiteanna idir cultúr, féiniúlacht agus stair; chun plé a spreagadh, barúlacha a cheistiú agus éagsúlacht a cheiliúradh.**

Tá sé mar aidhm againn ról gníomhach a imirt chun tuiscint níos uilechuimsithí ar fhéiniúlachtaí comhaimseartha do chách a mhúnlú.

Mar chuid dár gcur chuige straitéiseach sna cúig bliana amach romhainn, déanfaidh muid:
- Plé dearfach faoin fhéiniúlacht a chur chun cinn.
- Éagsúlacht agus uilechuimsitheacht a chur i gcroílár gach a ndéanann muid.
- Oibriú go gníomhach chun ár músaeim agus ár mbailiúcháin a dhíchoilíniú.
- Tacú le comhráite níos misniúla faoin todhchaí chomhroinnt amach romhainn

# An tsíocháin a chothú:
**Spreagfaidh muid comhráite misniúla a thacóidh leis an aistear leanúnach ón choimhlint go dtí an tsíocháin inmharthana.**

## An fáth go bhfuil tábhacht leis sin
Tá breis agus cúig bliana is fiche imithe tharainn ó síníodh Comhaontú Bhéal Feirste /Aoine an Chéasta, agus cé go bhfuil dul chun cinn iontach déanta, is tosaíochtaí fós iad an tsíocháin a chothú agus an t-athmhuintearas, anois agus amach anseo.

Scéal casta is ea 'Na Trioblóidí' lena mbaineann roinnt mhaith barúlacha contrártha. Tá iarmhairtí na coimhlinte fós ag dul i bhfeidhm ar dhaoine aonair, ar theaghlaigh agus ar phobail. Tá a chuimhní agus a thuiscint féin ag gach duine uirthi.

**Cé gur cruthaíodh síocháin leis an Chomhaontú, níor cuireadh deireadh leis an deighilt ná le héifeachtaí mothúchánacha, síceolaíocha agus sochaíocha na coimhlinte.**

Tá an stair sin fós beo sa lá atá inniu ann agus tá tionchar aici ar gach rud, ón pholaitíocht go dtí caidreamh pobail, oideachas agus féiniúlacht.

# An dóigh a bhfuil tionchar á imirt againn

Cé go mbaineann 'Na Trioblóidí' lenár stair, tá na hiarmhairtí fós le brath. An ról atá againn ná a chinntiú go n-insítear castacht iomlán an scéil seo agus go léireofar meas ar na heispéiris agus dearcthaí éagsúla ar saintréithe an scéil iad.

Chun é sin a dhéanamh, beidh orainn a bheith ábalta stair béil a bhailiú agus í a nascadh lenár mbailiúchán trí chuir chuige nua ar léirmhíniú.

**I sochaí a bhfuil dílseachtaí contrártha fós mar shaintréithe aici, tig lenár músaeim deiseanna do phlé a chruthú, comhthuiscint a chur chun cinn agus cuairteoirí a spreagadh chun smaoineamh go criticiúil faoi iarmhairtí na tréimhse seo.**

Trí chumhacht na scéalaíochta, tá muid ag cuidiú le comhbhá agus tuiscint a chruthú i measc phobail dheighilte.

# Ár dTionchar i nGníomh:
## Na Trioblóidí agus ina nDiaidh

**Seoladh an taispeántas Na Trioblóidí agus ina nDiaidh i Músaem Uladh in 2018 chun fiosrúchán cuimsitheach a dhéanamh ar an tréimhse chasta sin dár gcuid staire.**

Mar dhánlann bhríomhar, pléann sí le níos mó ná an choimhlint féin agus tugann sí aghaidh ar na hathruithe sóisialta, eacnamaíocha agus cultúrtha níos leithne i dTuaisceart Éireann ó dheireadh na 1960idí go dtí an t-am i láthair. Tá earraí éagsúla inti a léiríonn an taithí ilghnéitheach a bhí ag daoine agus pobail le linn na tréimhse. Trí léargais nua ón taighde a fhí le cuimhní pearsanta, taispeánann sí an dóigh a lean an gnáthshaol ar aghaidh le linn na corraíola polaitiúla.

Déantar forbairt leanúnach ar an bhailiúchán mar thoradh ar aiseolas agus rannpháirtíocht  pobal, rud a chinntíonn go bhfanann sé de bheith ina acmhainn ábhartha agus ina fhoinse machnaimh do na cuairteoirí ar fad. An phríomhaidhm atá aige ná tuiscint, leigheas agus athmhuintearas a chur chun cinn i dTuaisceart Éireann agus é ag déanamh a bhealaigh ó choimhlint go síocháin

## An Líonra Léirmhíniúcháin um Iarmhairtí na Coimhlinte

**Ba iad Músaeim Náisiúnta TÉ, Músaem Dhoire Shaoir/Iontaobhas Dhomhnach na Fola agus an tionscnamh Healing Through Remembering a bhunaigh an Líonra Léirmhíniúcháin um Iarmhairtí na Coimhlinte.**

Tá sé mar aidhm aige aghaidh a thabhairt ar thionchar leanúnach na coimhlinte i dTuaisceart Éireann agus timpeall air trí chomhoibriú a chothú idr eagraíochtaí atá tiomanta startha a bhaineann leis an choimhlint a chaomhnú agus a léirmhíniú.

Tá ról lárnach ag Músaeim Náisiúnta TÉ sa tionscnamh seo trí leas a bhaint as ár saineolas ar insintí íogaire a choimeád.

Tríd an líonra seo, oibríonn músaeim agus eagraíochtaí le chéile chun cláir oideachais, taispeántais agus plé poiblí a sholáthar, agus chun spásanna machnaimh agus leigheas a chur ar fáil.

Tríd an chomhpháirtíocht seo a chothú, cinntíonn Músaeim Náisiúnta TÉ go gcuirfear iarmhairtí na dTrioblóidí in iúl do na glúnta amach romhainn ar dhóigh chúramach agus freagrach, agus go gcuirfear tuiscint agus athmhuintearas chun cinn ag an am céanna.

## An dóigh a mhéadóidh muid ár dtionchar

Beidh ár gcuid oibre ar choimhlint agus a hiarmhairtí agus ár ngealltanas don tsíocháin ina gcodanna lárnacha dár misean i gcónaí.

Trí ghlacadh lenár ról mar éascaitheoirí na tuisceana agus an athmhuintearais, tig linn cuidiú le háit a chuimhníonn ar an am atá thart ach a amharcann i dtreo todhchaí níos síochánta agus níos uilechuimsithí a dhéanamh de Thuaisceart Éireann.

Mar chuid dár gcur chuige straitéiseach sna cúig bliana amach romhainn, déanfaidh muid an méid a leanas:

- Beidh muid muiníneach agus misniúil inár gcuid oibre agus sna cuir chuige atá forbartha againn.
- Beidh meas againn ar fhírinne na taithí ar an saol atá ag achan duine.
- Déanfaidh muid rannpháirtíocht níos doimhne go háitiúil agus rannpháirtíocht níos leithne go hidirnáisiúnta.
- Cinnteoidh muid níos mó guthanna a chloisteáil le meas agus comhbhá.

# An Comhshaol:

Bainfidh muid leas as ár músaeim agus as ár mbailiúcháin chun gníomhú ar son an chomhshaoil a spreagadh agus chun ár bpláinéad a chosaint.

## An fáth go bhfuil tábhacht leis sin

Tá an ghéarchéim chomhshaoil ar cheann de na dúshláin is práinní dár linne. Ní fadhb pholaitiúil nó eolaíochta amháin atá inti – is bagairt í don bheatha ar an domhan.

**Tá tionchar an díghrádaithe chomhshaoil le brath ar fud an domhain, ach tá iarmhairtí díreacha aige fosta do thírdhreacha, fiadhúlra agus pobail Thuaisceart Éireann.**

Tá éifeachtaí an athraithe aeráide le feiceáil cheana féin sna patrúin aimsire atá ag athrú, na leibhéil farraige atá ag ardú agus an méadú ar mhinicíocht eachtraí adhaimsire.Ina theannta sin, is rioscaí móra dá gcomhshaol áitiúil iad caillteanas speiceas plandaí agus ainmhithe, leathadh speiceas ionrach agus carnadh truailleán.

**Cé gur dhúshláin ollmhóra iad sin, cónaíonn muid in áit ina bhfuil áilleacht nádúrtha, bithéagsúlacht shaibhir agus éiceachórais luachmhara. Ó na himeallbhoird go dtí na foraoisí, ó na haibhneacha go dtí na cnoic, tá ról ríthábhachtach ag an dúlra ó thaobh tionchar a imirt ar ár bhféiniúlacht agus tacú lenár bhfolláine.**

Ní freagracht chomhshaoil amháin é an oidhreacht nádúrtha seo a chosaint — is freagracht chultúrtha é fosta.

# An dóigh a bhfuil tionchar á imirt againn

Éilíonn an ghéarchéim chomhshaoil gníomh práinneach agus is cuid den réiteach iad na músaeim sin againne.

**Trí leas a bhaint as ár mbailiúcháin, ár suíomhanna agus ár saineolas eolaíochta, agus trí rannpháirtíocht an phobail a chothú, tig lenár músaeim gníomhú ar son an chomhshaoil a spreagadh.**

Cothaíonn muid rannpháirtíocht cuairteoirí de gach aois i ngníomhaíochtaí agus comhráite faoin gcomhshaol agus faoin méid a thig leo a dhéanamh chun é a chosaint.

**Tá aird á tarraingt againn ar na bagairtí don phláinéad agus ar na réitigh nuálaíocha atá á bhforbairt chun dul i ngleic leo.**

Tá muid ag comhoibriú le heagraíochtaí comhshaoil, scoileanna agus pobail chun cláir a chruthú a chuireann maireachtáil ar dhóigh inbhuanaithe chun cinn agus a thugann dúshlán do dhaoine athruithe dearfacha a dhéanamh ina saol féin.

# Ár dTionchar i nGníomh:

## Obair Dheonach ar Son an Chomhshaoil

**Tá clár oibre deonaí ar son an chomhshaoil curtha ar bun ag Músaem Daonchultúir Uladh a dhéanann ceangal idir an pobal agus an domhan nádúrtha, i gcomhar le The Conservation Volunteers.**

Tig le daoine de gach aois oibriú go deonach ar thionscadail phraiticiúla mar shampla fáldluí, garraíodóireacht thraidisiúnta agus cruthú gnáthóg ar feadh shuíomh fairsing an mhúsaeim.

Tá sé mar aidhm ag na hiarrachtaí sin an bhithéagsúlacht a athbhunú agus an fiadhúlra dúchasach a chosaint, rudaí a chuirfidh feabhas ar thírdhreach an mhúsaeim do na glúnta amach romhainn.
Chomh maith le scileanna praiticiúla caomhnaithe a ghnóthú, imríonn oibrithe deonacha ról ríthábhachtach chun barántúlacht an mhúsaeim a chaomhnú trí chleachtais stairiúla sa mhaireachtáil inbhuanaithe a choinneáil ar bun.

## DiSSCo UK

**Tá Distributed System of Scientific Collections UK (DiSSCo UK) i mbun oibre chun leas a bhaint as acmhainneacht iomlán bhailiúcháin eolaíochta nádúrtha na Ríochta Aontaithe trí iad a chur ar oscailt go fisiciúil agus go digiteach, agus trí iad a dhéanamh inrochtana agus inúsáide le haghaidh gach cineál taighde agus nuálaíochta.**

Bainfear úsáid as infheistíocht dar luach £155 milliún ó UK Research & Innovation (UKRI) sa chlár chun tacú le digitiú ar fud bhailiúcháin ollmhóra eolaíochta nádúrtha na Ríochta Aontaithe, agus na cinn i seilbh Mhúsaeim Náisiúnta TÉ ina measc.

Acmhainn thar a bheith luachmhar é an bailiúchán Eolaíochta Nádúrtha sin againne agus tugann sé léargas ar na fauna agus flora mar a bhí siad san am atá thart agus mar atá siad sa lá atá inniu ann. Tugann sé taifead ar an éagsúlacht mhór speiceas agus éiceachóras. Áirítear leis sin bailiúcháin gheolaíocha agus phailé-ointeolaíocha, a léiríonn athruithe ollmhóra le himeacht ama ar stair an Domhain. Tá obair ar bun againn chun acmhainneacht ollmhór an bhailiúcháin seo a aimsiú agus chun leas a bhaint as an fhaisnéis atá ag gabháil leis, lena léirítear an éagsúlacht ar na speicis stairiúla a fheictear sna samplaí atá againn. Cuireann sé sin le tuiscint a fháil ar an athrú comhshaoil agus cothaíonn sé meas mór ar an bhithéagsúlacht.

Trí bheith ag obair le pobal bhailiúcháin na RA, aimseoidh DiSSCo UK an luach iomlán eolaíochta, taighde agus eacnamaíoch atá ag bailiúcháin eolaíochta nádúrtha agus bainfidh sé leas astu. Tá bailiúcháin na RA i measc na gcinn is tábhachtaí ar domhan go geografach, go stairiúil agus go tacsanomaíoch. Ní teorainn leis an luach atá ag bailiúcháin den chineál sin ná leis na húsáidí is féidir a bhaint astu; ó chaillteanas bithéagsúlachta a rianú go dtí bonn eolais a chur ar fáil do bheartas go dtí teacht ar leigheas ar ghalair.

## An dóigh a mhéadóidh muid ár dtionchar

Tá sé chomh tábhachtach céanna an domhan nádúrtha a chosaint agus atá sé ár n-oidhreacht chultúrtha a chosaint. Cuirfidh muid dlús lenár n-iarrachtaí chun aird a tharraingt ar stair an domhain nádúrtha agus tionchar ghníomhaíocht an duine daonna ar éiceachórais. Tig linn cuidiú le cuairteoirí tuiscint a fháil ar scála na géarchéime agus a phráinní atá sé ár bpláinéad a chosaint.

Le bonn eolais ónár gcuid taighde agus comhpháirtíochtaí le heagraíochtaí comhshaoil, tá sé mar aidhm againn feasacht a ardú agus athrú dearfach a spreagadh.

Mar chuid dár gcur chuig straitéiseach sna cúig bliana amach romhainn, déanfaidh muid:

- Cleachtas inbhuanaithe a leabú i ngníomhaíochtaí uile na heagraíochta agus i mbainistiú ár n-acmhainní.
- Dóigh maireachtála agus oibre níos inbhuanaithe a spreagadh.
- Bainistiú bailiúchán níos inbhuanaithe a thabhairt isteach.
- An bhithéagsúlacht inár spásanna glasa a mhéadú.

## Nuálaíocht:

**Ardán foghlama a bheidh ionann chun scileanna, muinín agus cruthaitheacht a thabhairt do ghlúin nua nuálaithe agus fiontraithe.**

## An fáth go bhfuil tábhacht leis sin

Is í an nuálaíocht atá taobh thiar de dhul chun cinn sa tsochaí agus den rath eacnamaíoch. Tugann sí réitigh ar dhúshláin chasta dhomhanda, ón athrú aeráide go dtí géarchéimeanna sláinte poiblí. Sa lá atá inniu ann, ina bhfuil an domhan ag athrú go tapa, a fheictear sa réabhlóid dhigiteach agus sa dul chun cinn teicneolaíoch, tá sé níos tábhachtaí ná riamh bheith in ann smaoineamh go criticiúil, fadhbanna a réiteach agus dul in oiriúint do réaltachtaí nua.

Ní hamháin go n-imríonn an nuálaíocht tionchar ar thodhchaí thionscal, ach téann sí i ngleic le héagothromas sa tsochaí fosta, cuireann sí feabhas ar chaighdeán na beatha agus cinntíonn sí forbairt inbhuanaithe.

Trí scileanna a fhorbairt in eolaíocht, teicneolaíocht, innealtóireacht, na healaíona agus matamaitic (STEAM), is fearr a bhíonn daoine ábalta rannchuidiú le fás eacnamaíoch agus dul in oiriúint do dhúshláin an fhórsa saothair chomhaimseartha.

**Tá ról uathúil ag músaeim chun an meon nuálaíochta seo a chothú. Tig leo a bheith ina spreagthóirí cumhachtacha don oideachas, d'fhorbairt scileanna agus don fhoghlaim ar feadh an tsaoil, don smaointeoireacht chriticiúil – cothaítear muinín agus scaoiltear le lánacmhainneacht i ndaoine aonair agus i bpobail.**

Trí eispéiris foghlama phraiticiúla a chur ar fáil, tig le cuairteoirí ceangail a dhéanamh idir nuálaíochtaí a rinneadh san am atá thart agus dúshláin an lae inniu.

Tig le Stiúideo STEAM teacht ar níos mó daoine a bhuí leis an chomhoibriú le Liberty IT, a chuireann teicneolaíocht agus forbairt bogearraí cheannródaíocha ar fáil. Le chéile, tá sé mar aidhm againn na scileanna agus an fhéinmhuinín a thabhairt don chéad ghlúin eile a theastaíonn chun rath a bhaint amach i ngeilleagar atá bunaithe ar fhaisnéis agus a athraíonn go tapa.

Trí dheireadh a chur le bacainní idir na healaíona agus na heolaíochtaí, léiríonn an stiúideo an dóigh a thig le smaointeoireacht ildisciplíneach nuálaíocht níos fearr a bhrú chun cinn.

## An dóigh a mhéadóidh muid ár dtionchar

**Díreoidh muid ar leathnú agus doimhniú a dhéanamh ar an ról atá againn chun an rathúnas eacnamaíoch agus sóisialta a bhrú chun cinn trí oideachas sa nuálaíocht. Feabhsóidh muid na cláir atá againn cheana féin trí níos mó deiseanna don fhoghlaim ar feadh an tsaoil agus d'fhorbairt scileanna a chur ar fáil.**

Beidh comhpháirtíochtaí thar a bheith tábhachtach agus déanfaidh muid comhoibriú le scoileanna, ollscoileanna, gnóthaí agus pobail áitiúla chun cláir a chruthú a fhreastalóidh ar riachtanais foghlaimeoirí agus fostóirí araon.

Trí rochtain ar ábhair STEAM a chur ar fáil, tig linn samhlaíocht foghlaimeoirí óga a spreagadh agus cuidiú le fórsa saothar a thógáil a bheidh ábalta dul i ngleic leis na dúshláin i ndomhan atá ag athrú go tapa.

Mar chuid dár gcur chuige straitéiseach sna cúig bliana amach romhainn, déanfaidh muid:

- Ár bhfócas ar an nuálaíocht a fheabhsú trí bhailiúcháin a léiríonn agus a cheiliúrann gnóthachtáil i réimsí STEAM a choimeád agus a léirmhíniú, trí nuálaíochtaí ón am atá caite, ón lá atá inniu ann agus na cinn atá le teacht a cheiliúradh.
- Obair dheonach, printíseachtaí agus cláir socrúcháin oibre a leathnú amach chun deiseanna forbartha scileanna a chumhachtaíonn rannpháirtithe agus a thugann conairí chuig an fhostaíocht a spreagadh.
- Ár gcláir oideachais fhoirmiúil a thabhairt chun cinn trí na cláir atá ag teacht le hábhair STEAM a dhoimhniú agus a leathnú, agus chun foghlaimeoirí de gach aois a spreagadh agus tacú leo bheith ullamh don ghairm bheatha.

# Cumasóirí straitéiseacha:

### Ár ndaoine
### Ár mbonneagar
### Athléimneacht airgeadais
### Rialachas

D'fhonn a chinntiú go leanfaidh ár músaeim ar aghaidh ag éabhlóidiú agus ag imirt tionchair, caithfidh muid díriú ar eagraíocht athléimneach agus solúbtha a thógáil, eagraíocht a bheidh ábalta dul in oiriúint do dhúshláin agus deiseanna na todhchaí.

**Beidh ár Straitéis bunaithe ar an bhonneagar inmheánach a neartú, ár ndaoine a chumhachtú agus ár n-oibríochtaí a bharrfheabhsú chun tacú le fás fadtéarmach agus luach don phobal.**

## Ár ndaoine

Is iad ár ndaoine is cúis lenár rath. Tá a gcuid saineolais, paisin agus dúthrachta ag croílár ár gcuid oibre gach lá.

**Cothóidh muid cultúr comhoibrithe, cruthaitheachta agus oscailteacht do smaointe nua a spreagann úinéireacht ar thionscadail agus a bhainfidh triail as rudaí nua.**

Beidh sé thar a bheith tábhachtach scileanna ceannaireachta a fhorbairt ar gach leibhéal mar bhonn taca do chultúr cumhachtaithe agus sármhaithis, agus foirne athléimneacha a thógáil ag an am céanna a bheidh ábalta déileáil le hathrú agus dul chun cinn a bhrú ar aghaidh.

Beidh éagsúlacht agus uilechuimsitheacht ina ngnéithe lárnacha dó sin – rud a chinnteoidh go léireoidh ár bhfórsa saothair na pobail ar a bhfreastalaíonn muid, agus go mbeidh raon leathan dearcthaí mar bhonn eolais dár gcinnteoireacht. Dá thoradh sin, beidh muid ábalta seirbhísí níos ábhartha, níos nuálacha agus níos éifeachtaí a chur ar fáil.

**Cothóidh muid fórsa saothair a bhíonn ag smaoineamh chun cinn agus a bheidh ábalta ár bhfís a chur i bhfeidhm ar dhóigh a léiríonn muinín agus cuspóir.**

## Ár mbonneagar

Cuimsíonn ár seirbhís mhúsaeim cúig láithreán ina bhfuil ceithre mhúsaem, ár stóras bailiúchán agus foirgnimh choimhdeacha. Curtha le chéile, is eastát fairsing agus cuimsitheach iad de bhreis agus 100 foirgneamh.

**Leanfaidh muid orainn ag lorg infheistíocht inár mbonneagar, le haghaidh chothabháil leanúnach riachtanach agus chun saoráidí nua a fhorbairt go straitéiseach, lena ndéanfar athrú mór agus lena gcinnteofar go bhfanfaidh ár músaeim ábhartha agus inbhuanaithe do na glúnta atá le teacht.**

Tá an nuálaíocht dhigiteach fíor-thábhachtach fosta le go seasfaidh ár mbonneagar an aimsir. Leanfaidh muid orainn ag sainaithint deiseanna ard-éifeachtacha don infheistíocht dhigiteach, ó rochtain ar bhailiúcháin a fheabhsú agus eispéiris cuairteoirí a fheabhsú go dtí oibríochtaí inmheánacha a chuíchóiriú.

## Athléimneacht Airgeadais

Tá athléimneacht airgeadais ríthábhachtach le go tiocfaidh rath ar ár straitéis fhadtéarmach.

I ré ina bhfuil laghdú tagtha ar an maoiniú don earnáil phoiblí, is riachtanach go bhfiosróidh muid sruthanna ioncaim eile agus go ndéanfaidh muid acmhainn tráchtála ár músaem a bharrfheabhsú.

**Bainfear amach cothromaíocht idir na hiarrachtaí sin agus tiomantas do thrédhearcacht ó thaobh an airgeadais agus bainistiú stuama acmhainní, lena chinntiú go ndéanfar gach punt go héifeachtach chun an luach poiblí is fearr is féidir a bhaint amach.**

Trí bhunsraith láidir airgeadais a thógáil, cinnteoidh muid go mbeidh ár n-eagraíocht ábalta infheistiú sa todhchaí agus leanúint uirthi ag soláthar seirbhísí atá chun leas an phobail amach sa todhchaí.

# Rialachas

Is é dea-rialachas a chuireann rath ar eagraíocht. Leanfaidh muid orainn ag cur leis an gcáil atá orainn as rialachas láidir agus ceannaireacht eiticiúil, chun a chinntiú go bhfuil ár gcinnteoireacht trédhearcach, cuntasach agus i gcomhréir le caighdeáin na hearnála poiblí.

**Cothóidh muid braistint comhfhreagrachta, le go mothóidh gach duine ar gach leibhéal go bhfuil sé de chumhacht acu rannchuidiú le rath na heagraíochta.**

Trí spriocanna soiléire a leagan amach agus dian-mhaoirseacht a choinneáil ar bun, cinnteoidh muid gur chomhlacht poiblí ardfheidhmíochta a bhfuil muinín ag an bpobal asainn sinn i gcónaí, comhlacht a bhaineann torthaí intomhaiste amach don phobal ar a bhfreastalaíonn muid.

**Músaem Uladh**
**Músaem Daonchultúir Uladh**
**Músaem Iompair Uladh**
**Daonpháirc Uladh- Mheiriceá**

## Músaeim Náisiúnta TÉ